Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Seomra Deas

Bhí Moya an-sásta leis an seomra a bhí aici sa teach lóistín, 'Súil le Muir' ar Árainn Mhór. Bhí achan rud aici, leaba bhreá mhór, *en suite* agus teilifíseán ar an bhalla.
Chaith Moya a mála ar an leaba. Shuigh sí ar an leaba taobh leis an mála. D'oscail sí an mála lena lámh dheas agus tharraing sí a cóta báistí amach as, agus péire bróg – bróga siúil.
"Nílim chun aon am a chur amú anseo," arsa Moya léi féin.
Chuir Moya uirthi na bróga siúil. Sheas sí ansin agus chuir sí an cóta báistí uirthi. Thóg sí a hata olla as a mála agus chuir sí ar a ceann é. Chuir sí ina póca an eochair a thug fear an tí di.
D'amharc Moya ar an léarscáil den oileán ar an bhalla sa halla. D'fhág sí an teach, dhún sí an geata beag adhmaid ina diaidh agus síos léi an bóithrín beag caoil i dtreo na céibhe. Nuair a shroich sí bun an bhóithrín, chas sí ar deis agus thosaigh sí ag siúl i dtreo Athphoirt.

Canúint Chonnacht

Teach Breá

Bhí Peadar i siopa ceantálaí sa Spidéal i gConamara. Bhí sé tar éis teach an–deas a fheiceáil i mbróisiúr ar an mballa. Thóg sé an bróisiúr leis agus chuaigh sé go caifé trasna an bhóthair ó shiopa an cheantálaí.
D'ordaigh Peadar cupán caife agus shuigh sé síos ag bord. Thosaigh sé ag léamh an bhróisiúir go cúramach. Teach breá a bhí ann ceart go leor. Bhí ceithre sheomra codlata ann, seomra suite, seomra súgartha, cistin mhór nua-aimseartha, seomra bia, dhá sheomra folctha agus *en suite* ag an bpríomhsheomra codlata. Teach scoite a bhí ann ar acra talaimh. Bhí sé ar thaobh na láimhe deise idir Gaillimh agus an Spidéal, ar thalamh ard ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe. Ba bhreá le Peadar dá mbeadh an gairdín ar chúl an tí ag féachaint ó dheas, ach ní raibh.

Canúint na Mumhan

Ag Eitilt Abhaile

Níor fhan Muiris ach oíche amháin i mBoston. I dteach Sheáin Uí Mháille, Bainisteoir Ghaeil Chonamara a d'fhan sé. Níor chodail Muiris go maith. Bhí sé tar éis a rúitín a bhriseadh ar a chéad lá i mBoston, sa chéad nóiméad ina chéad chluiche peile i ngeansaí Ghaeil Chonamara. Bhí plástar ar a chos suas go dtí an ghlúin. Bhuail Seán Ó Maille cnag ar dhoras a sheomra ar a sé a chlog ar maidin chun é a thabhairt go dtí an t-aerfort. Bhí Seán ina dhúiseacht cheana féin, ar ndóigh.
D'iompar Seán Ó Máille mála Mhuiris isteach san aerfort. Lean Muiris é ar a mhaidí croise. Ar deireadh, thug Seán an mála do Mhuiris agus d'fhág siad slán lena chéile. Rinne Muiris a bhealach go dtí an geata imeachta chun an eitilt abhaile a fháil.

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
FÓMHAR 2022

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Seomra Deas

1. Cá raibh an teach lóistín, ‘Súil le Muir’?
2. Cén sórt leapa a bhí ag Moya?
3. Cár chaith Moya a mála?
4. Céard bhí ar an bhalla sa halla?
5. Cén treo inar shiúil Moya?

Canúint Chonnacht

Teach Breá

1. Cá raibh siopa an cheantálaí?
2. Cá raibh an caifé?
3. Céard a d’ordaigh Peadar?
4. Cé mhéad seomra codlata a bhí sa teach?
5. Cén míbhuntáiste a bhain leis an teach?

Canúint na Mumhan

Ag Eitilt Abhaile

1. Cé mhéad oíche a chaith Muiris i mBoston?
2. Cén teach inar fhan Muiris?
3. Céard a bhí Muiris tar éis a bhriseadh?
4. Cé a bhí ar mhaidí croise ag dul isteach san aerfort?
5. Cá raibh Muiris ag dul?